

Inphrionta acadúil do Léann na Gaeilge

Cló Léann na Gaeilge (CLÓ)

Treoracha scríbhneoireacha/eagarthóireachta

móide

Stíl Tí

Nuashonraithe: Samhain 2020

Cló Léann na Gaeilge

clo@comhar.ie

1.0 Réamhrá

Inphrionta acadúil is ea *Cló Léann na Gaeilge* (CLÓ) a fhoilsíonn saothair Ghaeilge ar an gcaighdeán idirnáisiúnta is airde. Foilsíonn CLÓ taighde piarmheasta ó gach réimse de léann na Gaeilge, trí mheáin chlóite agus leictreonacha éagsúla. Tá sé i gceist go mbeadh CLÓ mar bhonn agus mar thaca faoi thaighde agus scoláireacht na Gaeilge.

Tá sé mar aidhm ag CLÓ an dioscúrsa léannta a spreagadh agus a chothú trí ardán foilsitheoireachta a chur ar fáil do scoláirí ar fud na cruinne ar mian leo a gcuid taighde sa réimse thuasluaite a fhoilsiú i nGaeilge. Freagra ar an riachtanas le fearas nua foilsitheoireachta a chur i dtoll a chéile is ea CLÓ, ionas go mbeidh seachadadh scoláireacht agus taighde i Léann na Gaeilge slán sna blianta amach romhainn.

Togra tras-institiúideach Ollscoile is ea CLÓ i bpáirt leis an teach foilsitheoireachta COMHAR.

1.1 Forléargas

Leagtar síos sa Stíl Tí seo na dréacht-treoracha gramadaí, litrithe, formáidithe agus poncaíochta atá le leanúint nuair atá leabhar á ullmhú le foilsiú le CLÓ. Doiciméad ginearálta atá sa Stíl Tí a gcuirtear leis ar bhonn leanúnach. Baineann na treoracha seo le scríbhneoirí agus iad ag ullmhú ábhair le cur faoi bhráid CLÓ agus eagarthóirí a bheidh ag plé leis na saothair.

Iarrtar ar scríbhneoirí cloí leis na treoracha seo go cúramach agus an saothar atá le cur faoi bhráid CLÓ a leagan amach chomh glan agus is féidir sula dtéann sé faoi bhráid piarmheasúnaithe. Is féidir go gcuirfí saothair as an áireamh sa sceideal foilsitheoireachta má chuirtear an téacs ar fáil le cuid mhaith deacrachtaí teanga, poncaíochta, etc.

2.0 Sraith an ábhair

Leagtar amach codanna den leabhar san ord seo a leanas (má bhaineann siad le hábhar):

- a) Leathanach leath-theideal
- b) Leathanach teidil
- c) Leathanach verso le sonraí cóipchirt
- d) Tíolacadh
- e) Clár ábhair
- f) Liosta léaráidí
- g) Liosta giorrúchán
- h) Brollach
- i) Buíochas/admhálacha
- j) Réamhrá
- k) An téacs féin roinnte ina mhíreanna, caibidlí, etc.
- l) Gluais
- m) Leabharliosta/Saothair a ceadáiodh
- n) Innéacs

3.0 Cóip an ábhair

3.1 Gramadach: Leantar na treoracha gramadaí atá leagtha amach in Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil (2017) (CO) (sleachta athfhriotail as an áireamh). Ceadáítear foirmeacha malartacha litrithe de réir mar atá molta in *Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill* (FGB). Ceadáítear foirmeacha canúnacha i gcásanna áirithe ach iad a phlé le CLÓ roimh ré.

3.2 Noda: Moltar liosta nod a chur i dtús an leabhair (nuair is gá). Luaitear an teideal iomlán sa téacs an chéad uair agus an nod ina dhiaidh idir lúbíní. Cloítear leis an nod amháin ina dhiaidh sin.

3.3 Giorrúcháin

- Cloítear leis an treoir ghinearálta atá leagtha amach i mír 3.2, CO i dtaobh giorrúcháin agus acrainmneacha. Mar ghnáthphrionsabal, ná cuirtear poncanna idir ceannlitreacha in acrainmneacha ná i ngiorrúcháin.
- Tugtar faoi deara an difríocht idir focal giorraithe agus coimriúchán. Cailtear deireadh an fhocail (Uimh., Uas.) san fhocal giorraithe agus cailtear litreacha laistigh den fhocal (Dr) sa choimriúchán. Ná cuirtear an ponc i ndiaidh an choimriúcháin, ach amháin i gcás “lch.” agus “lgh.”. Cuirtear an ponc i gcónaí i ndiaidh an fhocail ghiorraithe.
- Baintear úsáid as *in*, an fhoirm den réamhfhocal *i*, roimh ghiorrúchán nó acrainm.
- Baintear úsáid as AD chun blianta i ndiaidh bhreith Chríost a chur in iúl, e.g. ‘AD 795 a tháinig na Lochlannaigh go hÉirinn’. Baintear úsáid as RCh chun blianta roimh an ré Chríostaí a chur in iúl, e.g. ‘Thart ar an mbliain 3000 RCh a tógadh Sí an Bhrú’. Ceadáítear an córas nua-aimseartha a úsáid i gcásanna áirithe, e.g. ‘Comh-Ré – CR’ agus ‘Roimh Chomh-Ré – RCR’ ach é sin a phlé leis an eagarthóir roimh ré.
- Ná déantar infhilleadh ná athrú tosaigh ar ghiorrúchán nó ar acrainm riamh.
- De réir Stíl Tí CLÓ, is féidir an t-alt a chur le giorrúcháin, e.g. ‘bhain sé lena phost sna NA’ (CO 3.2.2, B). Moltar an córas seo mar chur chuige rialta.
- Leantar moltaí an Choiste Téarmaíochta maidir le leaganacha Béarla de ghiorrúcháin a úsáid nuair is coitianta an ghiorrúchán Béarla i dteangacha eile, e.g. ‘clár faisnéise de chuid an BBC’.
- Ná baintear úsáid as an ngiorrúchán Béarla má tá fianaise d’úsáid an téarma iomláin Gaeilge ar fáil ar an suíomh gréasáin tearma.ie, e.g. úsáidtear ‘sainuimhir éirime briathartha’ in áit ‘IQ’.

- Cloítear leis na giorrúcháin Laidine i dtéacsanna acadúla sna cásanna seo a leanas: a.m. agus p.m. i gcúrsaí ama; i.e.; ibid; op. cit.; et seq.; e.g; etc. i gcúrsaí tagartha. Ná cuirtear giorrúcháin Laidine i gcló Iodálach.
- Féach thíos ar liosta giorrúchán breise atá coitianta i dtéacsanna acadúla in Aguisín 1. Ní liosta cuimsitheach é, ach pléitear giorrúcháin éagsúla le CLÓ nuair is gá.

3.4 Dátaí

- I gcás dátaí, cloítear leis an múnla seo: ‘ar an 12 Márta 2013’, ‘ar an 31 Eanáir 1958’, etc.
- I gcoitinne, scríobhtar blianta i ndigití uimhriúla, ach amháin sa chás go bhfuil cúis liteartha ann go scríobhfaí na focail ina n-iomláine, ach cloífear leis an leagan caighdeánach (e.g. ‘aon mhíle naoi gcéad caoga a trí’, ‘an bhliain dhá mhíle’).
- Úsáidfeadh ‘in’ roimh bhlianta a scríobhtar i ndigití uimhriúla (e.g. ‘in 1997’).
- I gcás tréimhse ama idir dhá bhliain, scríobhtar ‘idir 1970 agus 1971’ nó ‘in 1970-71’.
 - Baintear úsáid as slais i gcás bliain nach ionann agus bliain an fhéilire: 1972/3.
 - Nuair is mian tréimhse deich mbliana ar leith a chur in iúl agus úsáid a bhaint as figiúirí is mar seo a scríobhtar é: sna 1940idí.

3.5 Córas tagartha

- Aithníonn CLÓ nach bhfuil aon chóras tagartha amháin feiliúnach don uile saothar a fhoilsítear. Ní mór a chur sa mheá go dteastaíonn, áfach, leanúnachas áirithe stíle tríd na saothair go léir a fhoilsítear san inphrionta seo.
- Dá réir sin, úsáidtear córas tagartha Harvard an oiread agus is féidir sna téacsanna a fhoilsíonn CLÓ agus seachnaítear nótaí fada. Féach an treoir maidir le leagan amach i mír 4.0 Tagairtí ag bun na caipéise seo. Is féidir fonótaí, críochnótaí deireadh caibidle, agus críochnótaí dheireadh an tsaothair a phlé le foireann CLÓ, más gá. Sa chás go mbaintear leas as nótaí, moltar gan aon eolas sa bhreis ar na sonraí tagartha riachtanacha a chur iontu.

3.6 Cló agus spásáil

- I gcás dhréacht an leabhair a chuirtear chuig CLÓ, úsáidtear Times New Roman nó Arial mar chló, méid 12. Úsáidtear an cló céanna, méid 11, le haghaidh athfhriotail eangaithe.
- Bíodh spás aonair (seachas spás dúbailte) ag deireadh abairte.
- Ná heangaítear tús na n-alt agus fágtar spás bán idir gach alt.

- Ná cuirtear focail i dteangacha iasachta i gcló iodálach.
- Seachnaítear focail iasachta sa chás go bhfuil téarma comhionann Gaeilge ar fáil, ach amháin sa chás go bhfuil cúis faoi leith ann le téarma iasachta a úsáid.

3.7 Sleachta athfhriotail

- Coinnítear sleachta athfhriotail atá níos lú ná 40 focal i gcorp an téacs.
- Tosaítear alt nua eangaithe nuair atá níos mó ná 40 focal sa sliocht athfhriotail.
- Leagtar sleachta athfhriotail atá faoi bhun 40 focal amach i gcorp an téacs agus úsáidtear comharthaí athfhriotail shingle thart orthu.
- Sleachta níos faide ná sin, déantar iad a eangú ar a laghad 0.5cm ó imeall chorp an téacs ar an dá thaobh.
- Ná húsáidtear comharthaí athfhriotail i gcás sleachta eangaithe.
- Athfhriotail i nGaeilge: baintear úsáid as cló rómhánach d’athfhriotail i nGaeilge.
- Athfhriotail i mBéarla nó i dteanga eile: baintear úsáid as cló iodálach d’athfhriotail i mBéarla nó i dteanga eile.
- Má thugtar sleachta i dteanga eile (seachas i mBéarla), ba cheart na sleachta sin a aistriú go Gaeilge agus aon sliocht aistrithe a chur i gcló iodálach laistigh de lúbíní cearnógacha.
- Baintear úsáid as ‘sic’ má tá earráid i sliocht athfhriotail. Ná ceartaítear an botún, ach scríobhtar *sic* i gcló iodálach, idir lúbíní cearnógacha i ndiaidh na hearráide sa sliocht athfhriotail.

3.8 Fotheidil: Is ceadmhach fotheidil a úsáid sa leabhar/i gcaibidil má shíleann an t-údar iad a bheith feiliúnach. D’fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar údar fotheidil a chur isteach, a leasú, nó a bhaint amach freisin, ag brath ar chruth deiridh an leabhair/na gcaibidlí féin. Biodh fotheidil ailínithe ar chlé i gcónaí i ndrúacht an tsaothair.

3.9 Litriú (foinsí barántúla foclóireachta agus téarmaíochta san áireamh): I gcás éiginnteacht faoi litriú, téarmaíocht, etc. tagraítear do *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Ó Dónaill, 1977), nó do teanglann.ie trí chéile, do ghnáthcheisteanna foclóra, do tearma.ie le haghaidh téarmaí teicniúla nua-aimseartha ach go háirithe, agus do foclóir.ie do théarmaí agus do fhrásaí eile.

3.10 Gaelú ainmneacha/logainmneacha iasachta

- Níor cheart ainmneacha ná sloinnte daoine nach bhfuil i mbéal an phobail a aistriú go Gaeilge nó ainmneacha ná sloinnte iasachta a aistriú go Gaeilge. Ná haistrítear ainmneacha i dteangacha iasachta eile ach amháin sa chás go bhfuil aithne coitianta ar an duine faoi leagan Béarla/Gaeilge a (h)ainm (e.g. Naomh Proinsias, Anraí VIII, Séarlas II). Úsáidtear na téarmaí ‘Naomh’ agus ‘San’ de réir ghnáthúsáid na míreanna sin (e.g. Naomh Colm Cille, San Tomás).
- Fágtar ainmneacha agus logainmneacha iasachta gan Ghaelú mura bhfuil leagan oifigiúil Gaeilge dóibh ar fáil in *An Bunachar Náisiúnta Tearmaíochta don Ghaeilge* (tearma.ie). Leantar an córas atá leagtha amach ag an gCoiste Téarmaíochta agus an leagan den ainm/logainm a fhoilsítear ar tearma.ie.
- Scríobhtar *in* roimh logainmneacha iasachta nach bhfuil Gaelaithe: in Birmingham.

3.11 Infhilleadh

Maidir le hinfhilleadh teideal Gaeilge, ná déantar aon infhilleadh ar theideal irise ná leabhair:

- Bhí sé ina eagarthóir ar *Comhar*.
- Ba mhaith liom trí chóip de *Foinse* a cheannach.

Más teideal comhlachta atá ann, caitear leis mar a bheadh ‘branda’ ann agus ná déantar aon infhilleadh orthu, mar atá sna samplaí seo:

- Leabhar de chuid Coiscéim a bhain an chéad áit amach ar an ngearrliosta.
- Foilseacháin Cló Iar-Chonnacht is mó a díoladh.

Maidir le teidil Bhéarla, ní dhéantar aon athrú ar theidil Bhéarla agus bíonn cló iodálach orthu nuair is saothar iomlan foilsithe é nó teideal sraithe raidió/teilifise:

- Scríobh sé colún rialta in *The Irish Times*.

3.12 Poncaíocht

- I gcoitinne, cloítear le coinbhinsiúin na Breataine ó thaobh cúrsaí poncaíochta de.
- Úsáidtear uaschamóga singile (‘) le tús a chur le hathfhriotal. Úsáidtear uaschamóga dúbailte (‘’) le hathfhriotal laistigh den athfhriotal a chur in iúl.

- Nuair a thagann uaschamóg agus camóg le chéile, is lasmuigh den uaschamóg a chuirtear an chamóg.
- Maidir le huaschamóga agus le camóga, cuirtear an stíl tí i bhfeidhm ar gach cuid den téacs in alt acadúil, sleachta athfhriotail san áireamh.
- Úsáidtear dais (ein-dash) idir chlásail agus spás aonair idir é agus na focail ar an dá thaobh. Úsáidtear é chomh maith idir figiúirí nuair atá réimse á chur in iúl, e.g. scóir cluichí ('3–2'), réimse inchomhairthe ('lgh. 7–12'), dátaí ('20–27 Meitheamh', '1838–1873').
- Úsáidtear dais (eim-dash) le clásal le dealú amach agus nuair atá liosta leabhar nó ainmneacha daoine a mbeadh an t-ainm nó an teideal céanna le hathlua díreach i ndiaidh a chéile sa leabharliosta:

Ó Tuama, S. (1960) *An Grá in Amhráin na nDaoine*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

— (1978) *Filí faoi Sceimhle*, Baile Átha Cliath: An Gúm.

— (1988) *An Grá i bhFilíocht na nUaisle*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Ná húsáidtear fleiscín ach amháin idir focail atá le ceangal. Cuirtear fleiscín idir an réamhlitir *t* agus guta, ach amháin nuair is ceannlitir an guta, e.g., an t-údar, an tAlbanach. Ná cuirtear fleiscín idir an réamhlitir *t* agus *s*, e.g., an tsaoirse, ná idir an réamhlitir *h* agus guta, e.g., na hainmneacha. Úsáidtear fleiscín i gcomhfhocal agus cloítear leis an treoir ghinearálta atá leagtha amach i mír 2.1.7, CO i dtaobh úsáid an fhleiscín i gcomhfhocal.
- Ní féidir riail ar leith a leagan amach a chuimseodh gach uile úsáid a bhainfí as an gcamóg. Mar sin, ní mór féachaint ar abairtí éagsúla a chur i gcomhthéacs a chéile maidir le húsáid na camóige. Féach an méid atá ar fáil sa leabhar *In Ord is in Eagar* (Cois Life: 2010) lch 114 *et seq.*
- Ná húsáidtear pointí le hurchar i liostaí. Fágfar cruth aon liosta le plé le CLÓ agus téacs á ullmhú le foilsiú.

3.13 Ceannlitreacha

- Úsáidtear ceannlitreacha i dteidil leabhar ach amháin ar dhobhriathra, an t-alt, an chopail, etc. a thagann i lár an teidil. Seachnaítear ceannlitreacha i dteideal ailt/caibidle, etc. ach amháin i gcás ainmfhocail chinnte.
- Maidir le teidil saothar a luaitear in alt, etc., cloítear leis an leagan amach atá sa bhuntéacs féin:

de Brún, F. (2019) 'An Gruagach Gréagach: Gearóid Ó Nualláin, Beatha Dhuine a Thoil agus An Béal Bocht', *Léachtaí Cholm Cille 49*. Ollscoil Mhá Nuad, 6-7
Aibreán 2019, Maigh Nuad: An Sagart, 29-56.

- I gcás focail áirithe, cosúil le ‘parlaimint’, ‘rialtas’, agus ‘stát’, baintear úsáid as ceannlitir más parlaimint faoi leith i gceist, ach i gcásanna ginearálta eile bíonn mionlitir ar na focail sin.
- Baintear úsáid as ceannlitir ar theidil daoine nuair atá duine ar leith i gceist, ach mionlitir nuair is ag trácht ar an oifig/ról go ginearálta.
 - Bronnadh gradam ar Léachtóir na Bliana ag an searmanas.
 - Nuair a bhí mé i mo léachtóir sóisearach, bhí go leor uaireanta teagaisc agam.

3.14 Comharthaí focalbhá

Is ionann comhartha focalbhá agus trí phonc a léiríonn go bhfuil foca(i)l fágtha ar lár. Baintear úsáid as comhartha focalbhá:

- Más caint dhíreach atá i gceist.
- Más athfhriotail é ach nach dtugtar an abairt/sliocht iomlán.
- Má tá cuid den téacs ar lár nó doléite, moltar trí phonc laistigh de lúibíní cearnógacha a úsáid, mar atá [...].

Cúrsaí poncaíochta timpeall ar chomharthaí focalbhá:

- Má tá an comhartha focalbhá i lár an téacs ní mór spás amháin a fhágáil roimh na poncanna agus ina ndiaidh. ‘Ní dóigh liom é ach ... mar sin féin, seans go bhfuil an ceart agat.’
- Má tá an comhartha focalbhá ag deireadh na habairte, ná cuirtear lánstad ann.
- Má tá an comhartha athfhriotail suite i ndiaidh comhartha focalbhá ag deireadh abairte, baintear úsáid as lánstad i ndiaidh an chomhartha athfhriotail.

3.15 Uimhreacha agus céatadáin

Tá treoir shonrach in CO maidir le húsáid na n-uimhreacha agus cloítear leis an treoir sin tríd síos (is féidir teacht ar an eolas cuí i gCaibidil 3).

- Úsáidtear digití le huimhreacha os cionn fiche (20) a chur in iúl: ‘trí ghluaisteán’, ‘fiche gluaisteán’, ‘21 gluaisteán’, ‘63 gluaisteán’, etc.
- Más raon figiúirí atá á lua, baintear úsáid as infhilleadh ar an ainmfhocal de réir an fhigiúir deiridh atá liostaithe:

Do mhic léinn 20–23 bliana an leabhar seo.

Ar pháistí san aoisghrúpa 6–9 mbliana atá an taispeántas dírithe.

- Bainfear úsáid as an tsiombail % le céatadán a chur in iúl más rud é go bhfuil digit(i) in aice leis. I gcás nach bhfuil digit(i) in aice le céadtadán, bain úsáid as ‘faoin gcéad’ in ionad na siombaile %.

4.0 Tagairtí

4.1 Leabhareolas: Má shíleann an t-údar gur feiliúnach an leabharliosta a roinnt ina rannóga, is ceadmhach é sin a dhéanamh. Mar shampla: ‘Foinsí neamhfhoilsithe’, ‘Lámhscríbhinní’, ‘Ábhar cartlainne’, ‘Foinsí clóite eile’. Faoina leithéid seo de rannóga, liostaítear na foinsí cuí de réir shloinne an údair. Féach nach dteastaíonn a leithéid i gcónaí.

4.2 Leabhair acadúla: Córas tagartha: Cloífead le Córas Tagartha Harvard sa mhéid agus is féidir. Bíonn dhá rud i gceist le córas tagartha Harvard:

1. An tagairt ghonta a dhéantar i gcorp an ailt féin (*citation*)
2. An tagairt iomlán a dhéantar sa leabharliosta ag deireadh an ailt (*bibliography*).

4.3 Tagairtí i gcorp an ailt

Go hiondúil, bíonn trí mhír sna tagairtí inmheánacha: a) sloinne an údair, b) an bhliain a foilsíodh an saothar; agus c) uimhir an leathanaigh (más leabhar nó alt é):

Tá sé ráite ag saineolaí amháin go ndéanann an foréigean ar an teilifís dochar don mheabhairshláinte (Ó Ríordáin 1997: 43).

Má tá sé soiléir cheana cén t-ainm atá ar an údar nó cén bhliain a foilsíodh an saothar, ní gá iad a lua arís.

Mar shampla:

Tá sé ráite ag Ó Ríordáin go ndéanann an foréigean ar an teilifís dochar don mheabhairshláinte (1997: 43).

Más le beirt údar an fhoinse, tugtar an dá shloinne sa tagairt inmheánach:

Tá sé ráite ag saineolaithe go ndéanann an foréigean ar an teilifís dochar don mheabhairshláinte (Ó Ríordáin agus Ní Chearúil 1997: 43).

Más le triúr údar nó níos mó an fhoinse, tugtar sloinne an chéad údair agus úsáidtear na focail ‘et al.’ leis na sloinnte eile a thabhairt le fios:

Tá sé ráite ag saineolaithe go ndéanann an foréigean ar an teilifís dochar don mheabhairshláinte (Ó Ríordáin et al. 1997: 43).

4.4 Tagairtí sa leabharliosta ag deireadh an ailt

Braitheann leagan amach na dtagairtí iomlána sa leabharliosta ar an gcineál saothair atá i gceist (leabhar iomlán, aiste i leabhar, alt in iris, etc.) Seo a leanas na cineálacha foinsí is coitianta:

Leabhar le húdar amháin:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) *TEIDEAL AN LEABHAIR*. ÁIT FHOILSITHE: FOILSITHEOIR.

Ó Ríordáin, S. (1952) *Eireaball Spideoige*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill.

Leabhar le beirt údar:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM ÚDAR (1) agus SLOINNE, CÉADLITIR AINM ÚDAR (2). (BLIAIN) *TEIDEAL AN LEABHAIR*. ÁIT FHOILSITHE: FOILSITHEOIR.

Ó Ríordáin, S. agus Ní Chearúil, S. (1973) *Scéal na hUaimhe*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill.

Leabhar le triúr údar nó níos mó:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM ÚDAR (1), SLOINNE, CÉADLITIR AINM ÚDAR (2) agus SLOINNE, CÉADLITIR AINM (3). (BLIAIN) *TEIDEAL AN LEABHAIR*. ÁIT FHOILSITHE: FOILSITHEOIR.

Ó Ríordáin, S., Ní Chearúil, S., agus Mac Cárthaigh, P. (1973) *Scéal na hUaimhe*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill.

Leabhar arna chur in eagar:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN EAGARTHÓRA (eag.) (BLIAIN) *TEIDEAL AN LEABHAIR*. ÁIT FHOILSITHE: FOILSITHEOIR.

Ní Mhurchú, F. (eag.) (1952) *Eireaball Spideoige*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill.

Eagrán éagsúla:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM ÚDAR (BLIAIN) *TEIDEAL AN LEABHAIR*. (EAGRÁN) ÁIT FHOILSITHE: FOILSITHEOIR.

Walsh, J. (2012). *Contests and Contexts: The Irish language and Ireland's socio-economic development* (Eagrán 2). Bern: Peter Lang.

Caibidil i leabhar arna chur in eagar:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) ‘TEIDEAL NA CAIBIDLE’. In: SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN EAGARTHÓRA. *TEIDEAL AN LEABHAIR*. ÁIT FHOILSITHE: FOILSITHEOIR: LEATHANAIGH.

Mac Eoin, A. (1982) ‘Ag Briseadh na gCloch’. In: Ní Bhrolcháin, B. *Mianadóireacht*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill: 210-223.

Alt in iris:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) ‘TEIDEAL AN AILT’. In: *TEIDEAL NA hIRISE IMLEABHAR (EAGRÁN)*: LEATHANAIGH.

Ní Cheallaigh, M. (2003) ‘Forbairt na Gaeilge Acadúla’. In: *Journal of Aetiology* 68 (4): 35-65.

Alt in iris leictreonach agus seoladh DOI luaite leis:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) ‘TEIDEAL AN AILT’. In: *TEIDEAL NA hIRISE IMLEABHAR (EAGRÁN)* [Idirlíon]. DOI: [AN SEOLADH DOI (MÁS ANN DÓ)] (nó MUNA BHFUIL) Ar fáil ag: URL [faighte DÁTA].

Ó Drisceoil, P. (2015) ‘Mediae Noctis Consilium – céadfhoilsiú Cúirt an Mheán Oíche le Brian Merriman’. In: *COMHARTaighde 1* [Idirlíon]. DOI: <http://dx.doi.org/10.18669/ct.2015.01>. (nó Ar fáil ag: <https://www.comhartaighde.com/eagrain/1/odrisceoil> [faighte 24 Samhain 2015]).

Alt in iris leictreonach gan aon seoladh DOI luaite leis:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) ‘TEIDEAL AN AILT’. In: *TEIDEAL NA hIRISE IMLEABHAR (EAGRÁN)*. Ar fáil ag: URL [faighte DÁTA].

Gelernter, D. (2014) ‘The closing of the scientific mind’. In: *Commentary Magazine*, 1 Eanáir 2014. Ar fáil ag: www.commentarymagazine.com/articles/the-closing-of-the-scientific-mind [faighte 20 Eanáir 2016].

Páipéar comhdhála a cuireadh i geló:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) ‘TEIDEAL AN PHÁIPÉIR’, *TEIDEAL NA COMHDHÁLA*. LÁTHAIR AGUS DÁTA NA COMHDHÁLA. ÁIT FHOILSITHE: FOILSITHEOIR. LEATHANAIGH.

de Brún, F. (2019) ‘An Gruagach Gréagach: Gearóid Ó Nualláin, Beatha Dhuine a Thoil agus An Béal Bocht’, *Léachtaí Cholm Cille XLIX*. Ollscoil Mhá Nuad, 6-7 Aibreán 2019, Maigh Nuad: An Sagart, 29-56.

Páipéar comhdhála a foilsíodh ar líne:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) ‘TEIDEAL AN PHÁIPÉIR’, *TEIDEAL NA COMHDHÁLA*. LÁTHAIR AGUS DÁTA NA COMHDHÁLA. FOILSITHEOIR. Ar fáil ag: URL [faighte DÁTA].

Ó Raghallaigh, B. Scannell, K., Dowling, M. (2019) ‘Improving Full-Text Search Results on dúchas.ie Using Language Technology’, *Celtic Language Technology Workshop (CLTW)*. Baile Átha Cliath, 19 Lúnasa 2019. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Ar fáil ag: http://docs.wixstatic.com/ugd/705d57_59525d529bef46fa9afe50df336832e2.pdf [faighte 10 Samhain 2019].

Alt i nuachtán:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) ‘TEIDEAL AN AILT’. In: *TEIDEAL AN NUACHTÁIN*, DÁTA: LEATHANACH (MÁS FÉIDIR).

Ahern, M. (1966) ‘Language Discussion’. In: *The Irish Times*, 5 Iúil 1966: 9.

Alt gan ainm:

I gcás alt nach fios cé a scríobh, cuirtear teideal na hirise (nó an nuachtáin, nó an irisleabhair) in áit ainm an údair. Cloítear leis an ngnáthstíl tagartha ina dhiaidh sin, mar shampla:

The Kerryman (1905) ‘The American Letter’. In: *The Kerryman*, 30 Meán Fómhair 1905: 9.

***Ábhar aistrithe:**

SLOINNE, CEADLITIR AINM AN BHUNÚDAIR. (BLIAIN) ‘TEIDEAL AN AISTRÍÚCHÁIN’. Aistrithe ag SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN AISTRITHEORA. In: SONRAÍ AN LEABHAIR/IRISLEABHAIR INA BHFUIL AN tAISTRÍÚCHÁN.

Ó hÉigearthaigh, P. (1979) ‘A Father Keens His Drowned Child’. Aistrithe ag Mac Piarais, P. In: Ó Buachalla, S. (eag.) *The Literary Writings of Patrick Pearse: Writings in English*. Dublin/Cork: Mercier Press: 47–48.

*Sa sampla seo is i leabhar arna chur in eagar atá an t-aistriúchán ar fáil. Dá mba in irisleabhar, i nuachtán nó ar shuíomh gréasáin a bheadh sé, bheadh deireadh na hiontrála thuas le coigeartú. Mar shampla:

Ó hÉigearthaigh, P. (1911) ‘Ochón, a Dhonnchadh’; ‘A Father Keens His Drowned Child’. Aistrithe ag Mac Piarais, P. In: *The Irish Review* 1 (3): 138–141.

Leathanach ar shuíomh idirlín:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) *TEIDEAL AN LEATHANAIGH*. Ar fáil ag: URL [faighte DÁTA].

Cooke, M. (2015) 'Film music'. In: *Grove Music Online. Oxford Music Online*. Oxford University Press. Ar fáil ag: <http://www.oxfordmusiconline.com/subscriber/article/grove/music/09647> [faighte 2 Lúnasa 2015].

Tráchtas neamhfhoilsithe:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) *TEIDEAL AN TRÁCHTAIS*. Tráchtas [CINEÁL TRÁCHTAIS], AINM INSTITIÚIDE, (neamhfhoilsithe).

Aiken, S. (2015) *Pádraig Ó hÉigearthaigh: File, Gael agus Deoraí Springfield, Mass.* Tráchtas M.A., Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (neamhfhoilsithe).

Agallamh:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN AGALLAÍ. (BLIAIN) Agallamh le AINM IOMLÁN AN AGALLAÍ (AON EOLAS ÁBHARTHA FAOIN AGALLAÍ), LOG AN AGALLAIMH, DÁTA AN AGALLAIMH.

Mac Aonghusa, M. (2013) Agallamh le Mícheál Mac Aonghusa (ball den eagraíocht Misneach), Baile Átha Cliath, 5 Feabhra 2013.

***Ábhar cartlainne:**

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) *TEIDEAL AN tSAOTHAIR*.

TEIDEAL/UIMHIR AN CHOMHAID. In: AINM AGUS SEOLADH NA CARTLAINNE.

Ó Riada, S. (1959) *Sraith Mhise Éire*. Scóir neamhfhoilsithe bhearnacha, BL/PP/OR/502. In: Bailiúchán Sheáin Uí Riada, Leabharlann Boole, Ollscoil Chorcaí.

*Ní i gcónaí a bhíonn an t-eolas seo ar fáil i gcás ábhar cartlainne. Cuirtear oiread is féidir isteach.

Foinse chraolta:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN CHRAOLTÓRA/LÁITHREORA. (BLIAIN) *TEIDEAL AN CHLÁIR*. CAINÉAL CRAOLTA, DÁTA. Ar fáil ag: URL (MÁS FÉIDIR) [faighte DÁTA].

Browne, P. (2012) *The Rolling Wave*. RTÉ Raidió a hAon, 26 Feabhra 2012. Ar fáil ag: <https://www.rte.ie/radio1/the-rolling-wave/archive/2012/0104/350217-20122/> [faighte 10 Bealtaine 2015].

Léirmheas

SLOINNE, CÉADLITIR AN LÉIRMHEASTÓRA. (BLIAIN) ‘TEIDEAL AN LÉIRMHEASA’
Léirmheas ar... (*TEIDIL AN tSAOTHAIR AR A nDEARNADH LÉIRMHEAS*), le hÚDA(I)R AN
tSAOTHAIR. *SONRAÍ FOILSITHE*.

Ní Dhonnchadha, M. (1991) Léirmheas ar *Scéalaíocht Ár Sinsear*, le Kim McCone agus Pádraig Ó
Fiannachta. Baile Átha Cliath: Book Review.

Achtanna an Oireachtais

TEIDEAL AGUS BLIAIN FOILSITHE AN ACHTA (UIMHIR AN ACHTA) (MÁS FÉIDIR) *ALT*
(MÁS CUÍ) *MÍR* (MÁS CUÍ).

Acht an Aontais Eorpaigh, 2009 (Uimh. 33).

Ionstraimí Reachtúla

AINM/TEIDEAL (UIMHIR NA hIONSTRAIME REACHTÚLA) Ar fáil ag: URL (MÁS FÉIDIR)
[faighte DÁTA].

Sea-Fisheries (Quotas) (Deep-Sea Stocks) Re.gulations 2017 (I.R. Uimh. 9 de 2017) Ar fáil ag:
<http://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/si/9/made/en/print> [faighte 21 Eanáir 2020].

Cumarsáid phearsanta

ÚDAR/CAINTEOIR/SEOLTÓIR (BLIAIN) FAIGHTEOIR NA TEACHTAIREACHTA, LA/MÍ
NA TEACHTAIREACHTA.

de Búrca, S. (2005) *Ríomhphost chuig Máire Ní Mhurchú*, 16 Lúnasa.

5.0 Léaráidí/táblaí/íomhánna

- Baintear úsáid as uimhreacha arabacha le haghaidh léaráidí, íomhánna, fíoracha, etc. D'fhéadfaí teorainn a chur le líon na n-íomhánna agus le leagan amach na n-íomhánna sa leabhar (nuair is gá).
- Cuirtear aitheantas foinse agus foscscríbhinní nó ceannscríbhinní tuairisciúla le gach léaráid (nuair is gá).
- Cuirtear liosta de na cineálacha léaráidí, e.g. táblaí, íomhánna, graif, etc. ar fáil sna réamhleathanaigh.
- Ní mór an cur chuige maidir le ceadanna a phlé le CLÓ. De ghnáth, fágтар faoin údar é cead a fháil maidir le léaráid/íomhá a úsáid sa téacs ach is féidir leis an údar tacaíocht a fháil ó CLÓ (nuair is gá).

6.0 Pointí breise don fhoireann cóipeagarthóireacha agus deartha amháin

6.1 Leagan amach ginearálta

- Cuirtear teideal an leabhair, ainm an údair, sraith lena mbaineann an leabhar (más cuí) agus lógó na sraithe lena mbaineann an leabhar ar leathanach teidil gach leabhair.
- Cuirtear ainm an údair/eagarthóra ar gach dara leathanach.
- Cuirtear teideal an leabhair, ainm an údair agus lógó CLÓ ar chlúdach tosaigh gach leabhair.
- Cuirtear teideal an leabhair, ainm an údair, agus lógó CLÓ ar dhroim an leabhair.
- Ar chlúdach cúil an leabhair, cuirtear blurba oiriúnach, lógó CLÓ agus seoladh COMHAR taobh leis an mbarrachód.

Cloítear leis na treoracha thíos mura bpléitear cur chuige eile leis an údar:

- Cuirtear teideal an leabhair ar bharr gach dara leathanaigh i gcorp an téacs, agus ainm an údair ar gach dara leathanach (ar an taobh eile), ach amháin ar leathanaigh thosaigh na gcaibidlí nó ar leathanaigh ar a bhfuil léaráidí. Ná cuirtear teideal an leabhair ar leathanaigh thosaigh na gcaibidlí nó ar leathanaigh ar a bhfuil léaráidí. Ná cuirtear an teideal idir uaschamóga.

6.2 Uimhriú na leathanach

Cloítear leis na treoracha thíos mura bpléitear cur chuige eile leis an údar.

- Ná cuirtear uimhreacha ar na leathanaigh theidil, leath-theidil, verso, thíolactha, bhrollaigh ná ar leathanaigh bhána sa téacs.
- Tosaítear príomhthéacs an leabhair ar leathanach recto i gcónaí.
- Déantar ailíniú ar na teidil ar an gelár ar chlé agus déantar ailíniú ar na huimhreacha a bhaineann leo ar dheis.
- Baintear úsáid as uimhreacha rómhánacha ar na réamhleathanaigh agus uimhreacha arabacha ar na leathanaigh eile.

7.0 Aitheantas

Ní mór aitheantas a thabhairt do stíleanna tí agus polasaithe eagarthóireachta An Gúm, COIS LIFE, *Leabhair*COMHAR, COMHAR*Taighde*, An Treoir Stíle Idirinstitiúideach (An tAontas Eorpach) agus An Caighdeán Oifigiúil (2017) ar a bhfuil codanna den cháipéis seo bunaithe, agus gabhtar buíochas leis na páirtithe leasmhara sin as na heiseamláirí sin a chur ar fáil. Gabhtar buíochas freisin le foireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge as pointí áirithe den Stíl Tí a bhreithniú agus moltaí a chur ar fáil.

Aguisín 1: Samplaí de ghiorrúcháin

An leagan i mBéarla	An leagan i nGaeilge
Dr. (Doctor)	Dr (Dochtúir)
ed. (edited by)	eag. (eagarthóir)
eds (editors)	eag. (eagarthóirí)
fig. (figure)	fig. (figiúr)
fem. (feminine)	bain. (baininsneach)
masc. (masculine)	fir. (firinsneach)
p. (page)	lch. (leathanach)
pp (pages)	lgh. (leathanaigh)
no (number)	uimh. (uimhir)
nos. (numbers)	uimh. (uimhreacha)
vol. (volume)	im. (imleabhar)
vols (volumes)	im. (imleabhair)